

## Leabharlannaithe le Gaeilge

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin riachtanas Gaeilge a bhíodh ag teastáil chun post sinsearach a fháil i leabharlann phoiblí in Éirinn. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachann tú ar an mír.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag duine atá ag obair sa tseirbhís phoiblí?
2. An bhfuil sé riachtanach, dar leat, go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaí?
3. Cad is brí le 'idirdhealú dearfach'?

**Ceist 2** An féidir leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

1. *custom* \_\_\_\_\_
2. *he confirmed* \_\_\_\_\_
3. *restrain, curb* \_\_\_\_\_
4. *demanded* \_\_\_\_\_
5. *I have to say* \_\_\_\_\_
6. *duty* \_\_\_\_\_
7. *breaching, violating* \_\_\_\_\_
8. *the Freedom of Information Act* \_\_\_\_\_
9. *from now on* \_\_\_\_\_
10. *erosion* \_\_\_\_\_
11. *the question that arises from* \_\_\_\_\_

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a dheimhnigh an tAire Simon Coveney?
2. Cé a sceith an scéal?
3. Cad a cheapann Catherine Connolly faoin scéal?
4. Cad a bhí le rá ag Rónán Ó Domhnaill?

**Ceist 4** '...ní mór **dom**...'

Cuir an forainm réamhfhoclach cuí sna bearnaí thíos.

1. Féach ar an bhfear sin. Nach bhfuil súile deasa \_\_\_\_\_?
2. Tá brón \_\_\_\_\_, ach ní bheidh mé in ann teacht amárach.
3. Bhain Síle céim onóracha amach agus bhí a tuismitheoirí an-bhródúil \_\_\_\_\_.
4. A Sheáin, go raibh míle maith agat as an obair sin a dhéanamh dom. Tá mé an-bhuíoch \_\_\_\_\_.
5. Ní raibh na páistí sásta mar bhí an *au pair* ag magadh \_\_\_\_\_.
6. Ná bíodh aon eagla ort roimh an madra, níl aon dochar \_\_\_\_\_.
7. Bhí an scrúdú aici inné agus ceapann sí gur éirigh go maith \_\_\_\_\_.

8. Deir Cillian nach bhfuil aon mheas ag a chomhghleacaithe \_\_\_\_\_.
9. Tá Cathal ag dul ar an mbád le Seán agus le Ciarán amárach, ach níl eagla \_\_\_\_\_ mar tá muinín aige \_\_\_\_\_.
10. Bhí an bhialann chomh salach sin go raibh déistin \_\_\_\_\_ agus níor ith muid an béile.

**Ceist 5**

'...i leabharlann...' agus '...sa tseirbhís...'

**i/in**  
**sa/san** (i + an)

= *in*  
= *in the*

**i nGaillimh**  
**sa Fhrainc**  
**sa Spáinn**  
**sa teach**  
**sa tsráid**

**i** roimh chonsan (urú más féidir)  
**in** roimh ghuta  
**sa** roimh chonsan (séimhiú más féidir, nó 't' roimh ainmfhocal baininsneach dar tús 's')  
**san** roimh ghuta  
**san** roimh *fh* + guta

**i gCorcaigh**  
**in Ard an Rátha**  
**sa Phortaingéil**  
**sa tSualainn**  
**san Iodáil**  
**san fhuinneog**

Roghnaigh an focal cúí le cur sna bearnaí.

**sa    san    i    in**

1. Tá Muireann ina cónaí \_\_\_\_\_ Ghearmáin.
2. Tá Trá Lí suite \_\_\_\_\_ gContae Chiarraí \_\_\_\_\_ Éirinn.
3. Nach bhfuil dúil agat \_\_\_\_\_ scannán?
4. Léim an madra isteach \_\_\_\_\_ fharraige.
5. Tá ceithre sheomra dhéag \_\_\_\_\_ óstán.
6. Ná fág an leanbh \_\_\_\_\_ ghluaisteán leis féin.
7. Níl aon duine \_\_\_\_\_ seomra. Is léir gur imigh siad.
8. Nach bhfuil Diarmuid ina chónaí \_\_\_\_\_ tSeapáin anois?
9. Is mór an trua nach bhfuil suim aige \_\_\_\_\_ stair na hÉireann.
10. Tá sé \_\_\_\_\_ am dul ar aghaidh anois.

**Ceist 6**

Bhí a lán nathanna cainte úsáideacha sa mhír. Cuir in abairtí anois iad lena mbrí a léiriú.

- údar mór díomá
- ar aon tuairim
- aniar aduaidh
- a bheith thíos le rud

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

- Idirdealú dearfach – *positive discrimination*

### Ceist 2

- |  |                                |
|--|--------------------------------|
| 1. <i>custom</i>                         | gnáth                          |
| 2. <i>he confirmed</i>                   | dheimhnigh sé                  |
| 3. <i>restrain, curb</i>                 | srian a chur ar rud            |
| 4. <i>demanded</i>                       | d'éiligh                       |
| 5. <i>I have to say</i>                  | ní mór dom a rá                |
| 6. <i>duty</i>                           | dualgas                        |
| 7. <i>breaching, violating</i>           | ag sárú                        |
| 8. <i>the Freedom of Information Act</i> | an tAcht um Shaoráil Faisnéise |
| 9. <i>from now on</i>                    | feasta                         |
| 10. <i>erosion</i>                       | creimeadh                      |
| 11. <i>the question that arises from</i> | an cheist a eascraíonn as      |

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

1. Féach ar an bhfear sin. Nach bhfuil súile deasa **aige**?
2. Tá brón **orm**, ach ní bheidh mé in ann teacht amárach.
3. Bhain Síle céim onóracha amach agus bhí a tuismitheoirí an-bhródúil **aisti**.
4. A Sheáin, go raibh míle maith agat as an obair sin a dhéanamh dom. Tá mé an-bhuíoch **díot**.
5. Ní raibh na páistí sásta mar bhí an *au pair* ag magadh **fúthu**.
6. Ná bíodh aon eagla ort roimh an madra, níl aon dochar **ann**.
7. Bhí an scrúdú aici inné agus ceapann sí gur éirigh go maith **léi**.
8. Deir Cillian nach bhfuil aon mheas ag a chomhghleacaithe **air**.
9. Tá Cathal ag dul ar an mbád le Seán agus le Ciarán amárach, ach níl eagla **air** mar tá muinín aige **astu**.
10. Bhí an bhialann chomh salach sin go raibh déistin **orainn** agus níor ith muid an béile.

### Ceist 5

1. Tá Muireann ina cónaí **sa** Ghearmáin.
2. Tá Trá Lí suite i gContae Chiarraí **in** Éirinn.
3. Nach bhfuil dúil agat **sa** scannán?
4. Léim an madra isteach **san** fharraige.
5. Tá ceithre sheomra dhéag **san** óstán.
6. Ná fág an leanbh **sa** ghluaisteán leis féin.
7. Níl aon duine **sa** seomra. Is léir gur imigh siad.
8. Nach bhfuil Diarmuid ina chónaí **sa** tSeapáin anois?
9. Is mór an trua nach bhfuil suim aige **i** stair na hÉireann.
10. Tá sé **in** am dul ar aghaidh anois.

**Ceist 6**

Pléigh na habairtí a bhí ag na foghlaimeoirí.

údar mór díomá – *a cause of great disappointment*

ar aon tuairim – le bheith ar aon tuairim le duine – *to be in agreement with someone*

aniar aduaidh – tháinig sé aniar aduaidh orm – *it took me unawares, unexpectedly*

a bheith thíos le rud – *to bear the consequences*

**Máire T. Ní Mhadaoin**

Tá deireadh curtha leis an ngnáth a bhíodh ann Gaeilge a bheith ag duine le bheith ag obair i leabharlann. Dheimhnigh an tAire Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, an méid seo i scríbhinn le Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney gur chuir an riachtanas teanga srian ar dhaoine nach raibh Gaeilge acu, cur isteach ar phostannaí<sup>1</sup>. Údar mór díomá é cinneadh an Aire Coveney, a dúirt an Teachta Catherine Connolly.

**Shane Ó Curraighín**

Tá deireadh leis an riachtanas fadbhunaithe a d'éiligh go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaithe sinsearacha agus ag gnáthfhostaithe i leabharlanna na tíre. Dheimhnigh an tAire Simon Coveney an méid seo leis an Teachta Dála Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney go raibh sé féin agus a Roinn ar aon tuairim go gcruthaíonn Gaeilge bac i measc iarrthóirí ar theastaigh uathu dul i mbun oibre nuair nach raibh Gaeilge acu nó fáil acu í a fhoghlaim.

**Catherine Connolly, TD, Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán**

Cuireann sé fiordhíomá orm, ní mór dom a rá. Do tháinig an cinneadh seo aniar aduaidh orm agus nuair a fuair mé amach, chuir mé ceisteanna Dála agus dheimhnigh an tAire, sa fhreagra a fuair mé, go raibh siad chun fáil réidh leis an dualgas maidir le poist airithe sa chóras leabharlainne. Tá ceisteanna dlíthiúla i gceist agus dualgas faoi reachtaíocht Acht na dTeangacha Oifigiúla i gceist. An bhfuil sé ag sárú a chuid dualgas faoin reachtaíocht seo?

**Shane Ó Curraighín**

Tugadh le fios i gcáipéis a fuair *Tuairisc.ie* faoin Acht um Shaoráil Faisnéise gur bunaíodh grúpa oibre leis an cheist<sup>2</sup> a scagadh. D'aontaigh gach ball den ghrúpa oibre nár cheart go mbeadh an Ghaeilge ina riachtanas fostaíochta feasta. Dúradh i gcomhfhreagrais ó Leas-Phríomhoifigeach na Roinne nach dtiocfadh an t-athrú seo salach ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

**Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga**

Cé nach bhfuil sárú reachtaíochta i gceist anseo, níl aon dabht ann gur ábhar díomá atá ann agus rud atá le feiceáil as seo ná go bhfuil...go bhfuiltear ag leanúint leis an gcreimeadh<sup>3</sup> seo atá á dhéanamh ar líon na ndaoine sa tseirbhís phoiblí le Gaeilge agus ní rud maith é sin. So, an cheist a eascraíonn as sin ná cén teagmháil a rinneadh leo siúd atá thíos leis an gcinneadh seo.

**Shane Ó Curraighín**

Tuigtear do Nuacht go bhfágfar faoi rialtais áitiúla a gcinneadh féin a dhéanamh ar cheart riachtanas Gaeilge a lua ina gcuid folúntas amach anseo.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4 i gContae na Gaillimhe.

---

<sup>1</sup> *poist* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> Córas Uladh

<sup>3</sup> *leis an chreimeadh* a deirtear